
Uisce Éireann Irish Water

# FÓGRA POIBLÍ

An tAcht um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021 agus Rialacháin na gComhphobal (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011

Tugtar cuireadh d'aighneachtaí poiblí maidir le hiarratas ar cheadúnas úsáide muirí agus maidir le measúnú iomchuí

Chuir Uisce Éireann iarratas isteach chuig an Údarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA)ar cheadúnas úsáide muirí faoi alt 117 den Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021 chun suirbhéanna bataiméadracha a chur i gcrích, chun ADCP a úsáid, chun taoidemhéadair a úsáid, agus chun faisnéis a bhailiú agus a aisghabháil ó thaoidemhéadair agus samplaí cáilíochta uisce a bhailiú d'fhonn samhail cáilíochta uisce hidridinimiciúil a fhorbairt a thacóidh le measúnuithe cáilíochta uisce.
Is do thréimhse cúig bliana atá an t-iarratas ar cheadúnas.




Cuireadh isteach Ráiteas Tionchair Natura i dteannta leis an iarratas ar cheadúnas thuas. Tá an t-iarratas ar cheadúnas agus an Ráiteas Tionchair Natura ar fáil lena n-iniúchadh ar láithreán gréasáin MARA https://www.maritimeregulator.ie/applications/mul240033/ agus ag an seoladh a leanas, trí choinne a dhéanamh - An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí, 2ú hUrlár, Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighní, Draighneach, Loch Garman, Y35 RF29.

Tá fáilte roimh dhaoine den phobal ar mian leo aighneacht i scríbhinn a dhéanamh chuig MARA maidir leis an iarratas ar cheadúnas agus maidir leis an Ráiteas Tionchair Natura é sin a dhéanamh ach an tagairt: **MUL240033** a lua agus ríomhphost a sheoladh chuig an seoladh a leanas – licence@mara.gov.ie nó leis an bpost chuig - An tAonad Ceadúnais, An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí, 2ú hUrlár,Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighní, Draighneach, Loch Garman, Y35 RF29.

Ní foláir go mbeadh aighneacht i scríbhinn faighte ag MARA faoi 17:30 ar an aonú lá is fiche de mhí na Nollag, 2025.

Ansin, déanfaidh MARA, breith measúnachta iomchuí a luaithe agus is indéanta, de réir Rialachán 42 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011. Tar éis breith a dhéanamh, géillfidh MARA don iarratas ar cheadúnas, géillfidh MARA i bpáirt, nó diúltóidh MARA don iarratas ar cheadúnas.
Arna dhátú an lá seo an t-aonú lá is fiche de mhí na Samhna 2025.

Sínithe: **Ionadaí thar ceann: Uisce Éireann**